2025/487

12.3.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/487 ÓN gCOMHAIRLE

an 11 Márta 2025

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2019/1890 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1890 ón gComhairle an 11 Samhain 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(4) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 11 Samhain 2019, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2019/1890.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ón gComhairle, ba cheart an iontráil do dhuine amháin atá faoi réir bearta sriantacha a scriosadh.

(3) Ba cheart Rialachán (AE) 2019/1890 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1890 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Márta 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. DOMAŃSKI

([1]) IO L 291, 12.11.2019, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1890/oj.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1890, scriostar an iontráil maidir leis an duine seo a leanas:

1. Mehmet Ferruh AKALIN.